# Tearmann: Treochlár Athbheochana iar-Covid




AnDroichead



# An Droichead
# Ag cruthú spás sábháilte do…


| | |
|---|---|
| Pobal | 4 – 9 |
| Páistí agus teaghlaigh | 10 – 13 |
| Foghlaim | 14 – 17 |
| Na hEalaíona | 18 – 23 |
| An Todhchaí | 24 – 27 |
| Aischothú | 28 – 29 |
| Ár n-urraitheoirí | 30 |


Is eagraíocht Ghaeilge é An Droichead a chuireann teanga agus cultúr na nGael chun cinn trí oideachas, ealaín, seirbhísí teaghlaigh agus pobail, agus obair fhor-rochtana. Is í aidhm s’againn ná an pobal Gaeilge is mó agus is ilchineálaí in Éirinn a thógáil anseo i lárchathair dheisceart Bhéal Feirste agus insa chúlchríoch uirbeach atá againn i mórcheantar Bhéal Feirste Thoir agus Theas.

Le tuilleadh eolais fúinn, tabhair cuairt ar:
androichead.com

# Nuair a landáil an phaindéim




Cuireadh bac ollmhór roimh dhul chun cinn earnáil na Gaeilge nuair a landáil COVID-19. Druideadh doirse na n-ionad Gaeilge ar fud na tíre agus cuireadh beagnach gach imeacht ar ceal, ar a laghad go meán-téarmach.

Cosúil le cuid mhaith grúpaí eile, d'éirigh leis An Droichead rudaí áirithe a chur ar fáil ar-líne agus insa cháipéis seo léireoidh muid na socruithe a rinne muid go dtí seo le go dtiocfadh linn leanstan leis an obair, chomh maith leis na pleananna atá forbartha chun tionscadal seo na Gaeilge i ndeisceart agus oirthear Bhéal Feirste a choinneáil ag dul chun cinn.

Tá muid an-bhródúil go háirithe as an tseirbhís chúram lae a chuidigh le foireann an NHS fanacht ar obair ó thús mhí Aibreáin. Chinntigh foireann s'againne go mbeadh Gaeilgeoirí ar thús cadhnaíochta mar is gnáth nuair a bhí sé in am dúshlán na géarchéime seo a fhreagairt.

Is é an téama a roghnaigh muid don tréimhse oibre seo i bhfás agus i bhforbairt ár bpobal ná ‘ag cruthú spás sábháilte’.

Ag cinntiú go dtig linn sin a dhéanamh, sin fócas lárnach ár n-iarrachtaí uilig ó tháinig muid ar ais i ndiaidh na chéad dianghlasála; beidh sé mar chroí ár straitéise is ár n-oibríochtaí don chúpla bliain atá le theacht.

Ar an drochuair, bhí straitéis bhreá trí bliana nua-sheolta againn sna míonna sular tháinig an phaindéim agus níl amhras ann ach gur cuireadh ar leataobh formhór na spriocanna uaillmhianacha atá luaite ann don am i láthair.

Ach ag an am céanna ba ag cruthú spás sábháilte d’fhoghlaim agus d’úsáid na Gaeilge, nó tearmainn, a bhí An Droichead riamh. Feictear dúinne nach bhfuil anseo romhainn ach tréimhse ina n-athrófar an cur chuige píosa, agus leis sin tagann an iomad deiseanna nua nach raibh ar fáil roimhe – ‘D’imigh sin agus tháinig seo’. Tá sé ina fhreagracht againne mar ghrúpa pobal Gaeilge na deiseanna sin a aithint agus a thapú, agus tá sé leagtha amach anseo go díreach cén dóigh a bhfuil muid chun sin a dhéanamh ar bhur son.

In am seo na neamhchinnteachta tá rannpháirtíocht agus teagmháil phearsanta níos luachmhaire ná riamh agus creideann muid go dtig le cách sólás a bhaint as eispéiris ar ár gcultúr suaithinseach seasmhach s’againn féin – as dúchas dóchas. Tá súil agam go bhfanfaidh sibh slán agus go leanfaidh sibh ar an aistear suaithinseach seo linn.



**Pól Deeds**
**Príomhfheidhmeannach**
**An Droichead Teo.**

# Ag cruthú spás sábháilte don phobal

Is í fís An Droichead pobal Gaeilge chomh mór éagsúil agus is féidir a thógáil i mBéal Feirste. Misean s'againn ná daoine, teaghlaigh agus pobail a spreagadh leis an Ghaeilge agus cultúr Gaelach a choinneáil ina gcroíthe agus ina saolta.

Níl amhras ar bith ann ach gur bagairt don sprioc mór sin na modhanna oibre úra a tháinig amach mar gheall ar Covid. Ag pointe roimh an samhradh ní raibh sé soiléir an mbeadh ár n-aisling i mbaol ar fad fiú. Bhí sé de dhualgas orainn mar sin teacht aníos le bealaigh thart ar na constaicí a bhain le daoine a thabhairt le chéile ar an dóigh a raibh muid le blianta fada.


**An 'normalach nua'**
Ár n-imeachtaí óige, na ceolchoirmeacha, an caifelann (An Taephota), scéimeanna saoire agus campaí spóirt – ní raibh sé réadúil ná sábháilte leanstan ar aghaidh leis na tionscadail seo a bhí uilig ag fás i 2019. Bhí a fhios againn go mbeadh gá le soláthar ar leith, agus tháinig muid aníos le smaointe úrnua.



# TASTÁIL AIMSIGH COSAIN
# TREOIR CÉIM-AR-CHÉIM

Test ✔ Trace ✔ Protect ✔ HSC Health and Social Care


**1**



## AITHIN NA SIOMPTÓIM

Má tá síorchasacht nua, nó fiabhras ort, nó má chailleann tú do chumas blaiseadh nó bolú, ba chóir duit féin agus do gach duine i do theach féinleithlisiú a dhéanamh láithreach.

**2**



## IARR TÁSTÁIL ANOIS DÍREACH

Tabhair cuairt ar nidirect.gov.uk/coronavirus
le tástáil a chur in áirithe ar líne. Muna bhfuil tú ábalta tástáil a chur in áirithe ar líne cuir scairt ar 119.


**3**



## LEITHLISIGH

Leithlisigh ar feadh 7 lá tar éis na siomptóim a bheith le feiceáil, níos faide má leanann an fiabhras (go dtí 48 uair ar a laghad tar éis do theocht filleadh ar ais mar a bhí). Ba cheart do dhaoine eile atá ina gcónaí leat leithlisiú ar feadh 14 lá.

**4**



## FAIGH TÁSTÁIL

Déantar tástáil in ionaid tástála tiomáin tríd agus ní mór duit teacht i gcarr (ní de shiúl na gcos, ar iompar poiblí, i dtacsaí ná ar aon bhealach eile). Tá tástálacha baile ar fáil freisin.

**5**



## FAIGH TORTHAÍ

Ba cheart go bhfaighidh tú na torthaí laistigh de 72 uair an chloig. Má tá na torthaí diúltach maidir le coróinvíreas, ní bheidh gá duit agus do theaghlach leithlisiú níos mó.

**6**




## CUIR MIONSONRAÍ AR FÁIL

Má tá do thorthaí dearfach maidir leis an choróinvíreas cuirfidh rianaithe teagmhálaithe na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí (GSP) scairt ort ón uimhir 028 9536 8888. Iarrfaidh siad ort ainmneacha na ndaoine sin a raibh tú i dteagmháil leo ar na mallaibh a thabhairt dóibh.


**7**



## CUIREANN AN GSP TEAGMHÁLACHA AR AN EOLAS

Má tá coróinvíreas ort, rachaidh an GSP i dteagmháil leis na daoine a raibh tú i ndlúth-theagmháil leo. Ní roinnfear d'ainm le daoine eile gan cead a fháil uait. Coinneofar na sonraí go léir go sábháilte.


**8**



## IARRTAR AR DHLÚTH-THEAGMHÁLAITHE LEITHLISIÚ

Iarrfar ar dhlúth-theagmhálaithe leithlisiú ar feadh 14 lá ón uair dheireanach a raibh siad i dteagmháil leat.

**9**



## TEAGHLAIGH DHLÚTH-THEAGMHÁLAITHE

Muna bhfuil aon siomptóim ar an dlúth-theagmhálaí, ní gá do dhaoine eile sa teaghlach leithlisiú. Má thagann siomptóim ar an dlúth-theagmhálaí, ba cheart dó/di na treoracha seo a leanúint, ag tosú le céim 1.

Nuair is féidir leat an baile a fhágáil, coinnigh slán agus lean ort de chomhairle sláinte poiblí a leanúint.

- Nigh do lámha go cúramach agus go minic agus ná leag do lámh ar d'aghaidh.
- Coinnigh amach ó dhaoine eile agus tú lasmuigh den bhaile.
- Úsáid d'uillinn nó ciarsúr páipéir le casacht nó sraoth a dhéanamh agus cuir an ciarsúr páipéir i mbosca bruscair.

WE ALL MUST DO IT TO GET THROUGH IT — STAY SAFE — SAVE LIVES

Is féidir leat an víreas a scaipeadh fiú nuair nach bhfuil na siomptóim ort.

Labhair muid leis an phobal agus ghlac muid páirt sna hiarrachtaí chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a raibh cuidiú de dhíobháil orthu. Chomh maith leis sin, rinne muid teagmháil le gníomhaireachtaí stáit le bheith cinnte go gcuirfí an oiread agus is féidir de na rialacha a bhaineann le cúrsaí sláinte ar fáil as Gaeilge do phobal s'againn.

I dtaca le cúrsaí óige de, reáchtáil muid ár gcampa samhraidh ar-líne i mbliana. Stiúir foireann an chumann óige seo do pháistí an chumainn chomh maith le páistí an chumann iarscoile. Fuair na daoine óga uilig pacáistí le hábhair ealaíne, spóirt agus cócaireachta iontu chomh maith le hoodie agus cuid bréagáin. D'éirigh go han-mhaith leis na ceardlanna a d'eagraigh muid ar zoom gach Céadaoin i mí Iúil. Bhí an aischothú chomh maith dó seo gur shocraigh muid ar champa na Samhna agus campa na Nollag a reáchtáil chomh maith.

Agus tá cumann obair bhaile eagraithe againn chomh maith. Tá cuid trealamh úr ceannaithe againn cosúil le ríomhairí glúine, slata cuimhneacháin agus cúpla ipad. De réir mar a d'fhorbair muid na pleananna seo, rith sé linn go raibh tacaíocht bhreise de dhíth ar pháistí agus ar thuismitheoirí le scolaíocht bhaile agus dá bharr sin chuir muid cumann scolaíocht bhaile ar bun. Chuir muid spás ar leataobh sa lárionad ina dtig le páistí teacht le chéile fá choinne tacaíocht sainithe faoi stiúir agus le scaradh sóisialta i bhfeidhm trí uaire in aghaidh na seachtaine. Bíonn seisiúin zoom againn le linn na gclinicí dóibh siúd nach bhfuil ábalta freastal ar na seisiúin féin. Cuirtear gach trealamh agus gach tacaíocht ar fáil saor in aisce.

Ag tógáil air sin, tá clár traenála curtha le chéile againn i gcomhpháirt le Gaelchúrsaí, ag traenáil Gaeilgeoirí óga áitiúla le scileanna breise a chuirfeas lena gcuid infhostaitheachta.













# Ag cruthú spás sábháilte do pháistí agus do theaghlaigh

I ndiaidh na tréimhse gairide nuair a dhruid muid na doirse i mí an Mhárta agus ag tús mí Aibreáin, d'oscail muid na seirbhísí chúram leanaí arís de réir a chéile.

Sa chéad dul síos, choinnigh muid an tseirbhís seo do bhaill foirne na Seirbhíse Sláinte Náisiúnta, agus chinntigh muid soláthar dóibh le linn an tsamhraidh i gcomhpháirt le hIonad Áineasa Shaftesbury agus le hIontaobhas Sláinte Bhéal Feirste.

D'fhan cuid den fhoireann ar scor sealadach agus bhí dream eile sásta teacht isteach le cinntiú go dtiocfadh linn an tseirbhís ríthábhachtach seo a chur ar fáil.

I gcomhpháirt leis an Iontaobhas Sláinte, tharraing muid pleananna agus polasaithe le chéile a chinnteodh a oiread agus is féidir go mbeadh timpeallacht slán sábháilte ann do pháistí, tuismitheoirí agus foireann. Ón am ar oscail muid na seirbhísí chúram leanaí arís ní raibh oiread agus cás Covid amháin a tháinig as an lárionad. An dá uair nuair a bhí orainn seomra a dhruidim, bhí siad oscailte arís i ndiaidh na coicíse agus ní raibh aon tras-ionfhabhtú ann.

Fá dheireadh an tsamhraidh i 2020 bhí an fhoireann uilig ar ais ag obair go crua le cúram a chur ar fáil don méid is mó teaghlach gurbh fhéidir.

Ní raibh muid in ann ár dteaghlaigh uilig a ghlacadh ar ais, ceal spáis, agus i gcomhairliúchán le teaghlaigh an naíonra, chinn muid ar an ghrúpa páistí sin a ghlacadh isteach níos moille sa bhliain. Idir an dá linn, dhear muid agus dháil muid pacáistí gníomhaíochtaí agus foghlama chuig gach teach ina bhfuil páiste a bheas ag teacht chuig naíonra s'againn. Sna pacáistí seo bhí dhlúthdhioscaí, ábhar ealaíne, leabhair, cluiche agus rudaí eile leis an pháiste – agus na tuismitheoirí – a spreagadh chun spraoi a bheith acu leis an Ghaeilge.

Ar ndóighe tá sé rí-thábhachtach fá láthair go raibh muid ag tabhairt aire dúinn féin agus do na daoine mórthimpeall orainn. Tuigeann muid go maith a thábhachtaí atá sé bheith ag tacú lena chéile agus chuige sin, dhear muid clár sláinte agus folláine d'fhoireann An Droichead, rud a sholáthar muid le linn mí na Samhna. Bhí seisiúin stiúrtha a bhain le damhsa, ióga, aireachas, agus cheannaigh muid isteach roinnt bia sláintiúil le go dtiocfadh linn beilte a ullmhú dúinn féin. Tá maoiniú faighte againn ó Chomhairle na Cathrach Béal Feirste le cláir eile a reáchtáil a dhéanfaidh freastal ar thuismitheoirí agus ar dhaoine áitiúla.






Love

Is a bhuíochas le diongbháilteacht agus le díograis fhoireann mhór chúram leanaí s'againn go raibh muid ábalta dul ar aghaidh ag soláthar spás sábháilte do pháistí agus do theaghlaigh le linn na paindéime. Léirigh siad a gcuid tiomantais i dtreo forbartha leanúnaí trí thabhairt faoi chláir éagsúla traenála, ag am nuair a bhí siad faoi go leor brú cheana féin. Chomh maith leis seo, ghlac siad an fhreagracht orthu féin na spásanna taobh amuigh den lárionad a fhorbairt ionas go dtig linn spás súgartha úr geal sábháilte a sholáthar faoin spéir. Bhí sé mar críoch chaoi ar an bhliain nuair a lainseáil muid ár n-aip úr, My Nursery Pal: ba é freagra ár bhfoirne ar dhúshlán na bliana – dúshlán a dtiocfadh leis deireadh a chur leis an seirbhís féin – ná seirbhís chúram leanaí An Droichead a dhéanamh níos oiriúnaithí ná riamh do riachtanais na dtuismitheoirí.

San am atá le theacht idir le linn na géarchéime agus ina dhiaidh, beidh muid ag coinneáil béime ar riachtanais tuismitheoirí agus forbairt na bpáistí inár gcúram. Leanfaidh muid ar aghaidh ag roinnt deachleachtais, ag forbairt agus ag cosaint foireann mhór s'againn, agus ag cothú an chéad ghlúin eile de Ghaeilgeoirí an cheantair seo.

Tchífidh tú roinnt gníomhaíochtaí ar leith atá ar na bacáin againn thíos ag deireadh na cáipéise seo.






STO



# Ag cruthú spás sábháilte don fhoghlaim

Ag tús na dianghlasála bhog muid na ranganna uilig ar-líne agus bhí iontas orainn cé chomh rathúil agus a bhí siad. Léiríonn seo cé chomh spreagtha is atá foghlaimeoirí s'agiann.

Cé go raibh Google Classroom agus Zoom ina dteicneolaíocht nua dúinne, d'fhoghlaim muid go gasta faoi thús Mí Aibreáin bhí 10 rang agus níos mó ná 120 foghlaimeoirí ag freastal orthu in aghaidh na seachtaine. Is a bhuíochas le foireann teagascóirí s'againne – foireann den chéad scoth – go raibh muid in ann seo a dhéanamh.

Tá ardmholadh tuilte fosta ar fhoghlaimeoirí sna ranganna acadúla GCSE, AS agus Ard Leibhéal a lean ar aghaidh ag obair i dtreo a gcuid scrúduithe le linn an ama dúshlánaigh seo. Nuair a bhí muid ábalta spás sábháilte a chinntiú dóibh siúd, tháinig na ranganna seo isteach sa lárionad ach tuigeann muid go raibh na hathruithe sna rialacha deacair dóibh go háirithe. Is éacht suntasach é cáilíocht a fháil le linn paindéime agus trí chianfhoghlaim, ach is é sin go díreach an rud a rinne mic léinn s'againne. Guíonn muid gach rath ar an chéad chohórt eile agus tá súil againn go bhfaighidh siad na marcanna atá siad ag iarraidh nuair a thagann na torthaí amach! Is cúis bhróid sibh uilig dúinn.

Tá an aischothú ón chlár ranganna ar-líne an-mhaith ar fad agus léirigh sé, chomh maith leis an deis foghlama, go raibh sé thacaíocht luachmhar do dhaoine nach raibh comhluadar ar bith eile acu ag an am sin mar gheall ar an dianghlasáil nó féin-aonrú.

Chun buíochas a ghabháil lenár bhfoghlaimeoirí chuir muid sraith seimineáir ghramadaí ar fáil saor in aisce, ar zoom arís. Ar ndóigh is fearr i bhfad bheith i gcomhluadar duine do rang teanga, agus tá muid ag dúil go mór le bheith ar ais i seomraí An Droichead mar is ceart. Ach sin ráite, thaispeáin an tréimhse seo dúinn go bhfuil an iomad deiseanna ann don chianfhoghlaim amach anseo.

Bhí lúcháir orainn go raibh muid in ann turas Gaeltachta 'scaradh sóisialta' a eagrú le linn an tsamhraidh. Chuir muid roinnt rudaí in áit le bheith cinnte go mbeadh sé sábháilte agus choinnigh muid na huimhreacha níos ísle na mar a bhíonn siad de ghnáth. Fiú leis sin ní raibh caill air mar thuras: bhí ranganna, turas, damhsa ar an sean-nós, seisiún ceoil agus caint ann i measc na ngníomhaíochtaí. Bhí sé ina deis iontach fosta bheith ag comhoibriú lenár gcomhpháirtithe, Teach Jack, atá ag déanamh a ndíchill le spás sábháilte a chur ar fáil dá gcustaiméirí dílse.









Tá anois 13 rang againn ag leibhéil éagsúla ionas go dtig linn freastal ar riachtanais gach foghlaimeora. Lean muid chomh maith lenár scéim na bhFáinní, rud a ligeann d'fhoghlaimeoirí a gcuid cumais sa Ghaeilge a chur os ard trí chaitheamh an fháinne. Rinneadh an scrúdú béil go hiomlán ar zoom agus cuireadh na fáinní féin sa phost. Ar an dóigh seo sháraigh an chianfhoghlaim constaic eile chun foghlaim na teanga a choinneáil ag dul.

Tá dianchúrsaí ar na bacáin againn a mbeidh idir theagasc ar-líne agus ranganna fisiciúla sa lárionad mar chuid díobh. Cuid den fháth dó seo ná le toiseacht ar rudaí a bogadh ar áis i dtreo ranganna fisiciúla an t-am ar fad, ach is ar mhaithe leo siúd gur fearr le fanacht ar-líne atá sé chomh maith. Thug muid faoi dhá shuirbhé lenár bhfoghlaimeoirí, agus beidh an aischothú lárnach i ndearadh agus i bhforbairt ár gcuid soláthair amach anseo. Is léir cibé go bhfuil ráchairt ann do sholáthar ficisiúil agus ar-líne araon, agus cuid mhaith daoine úra a bhfuil dúil acu i soláthar ar-líne amháin.

Ní raibh Covid ábalta stop a chur le Seachtain na Gaeilge agus, mar is gnáth, d'eagraigh An Droichead réimse imeachtaí d'fhoghlaimeoirí aonaracha agus do theaghlaigh. Ina measc seo bhí biongó a raibh na huimhreacha uilig léite amach as Gaeilge dó, agus cainteanna ar leith fá théamaí teanga áirithe d'fhoghlaimeoirí. An buaicphointe a bhí ann ná teach airneáil a thaifead muid i gCumann Chluain Árd agus a chraol muid ar facebook ar Lá Fhéile Pádraig.







# Ag cruthú spás sábháilte do na healaíona

Cé nach raibh smacht againn air, bhí sé ina bhuille trom orainn na himeachtaí uilig a bhí beartaithe don lárionad, chomh maith leis na turais cheoil i lár na cathrach, a chur ar ceal i ndiaidh mí Mhárta 2020. Cionn is go raibh an oiread sin ceolchoirmeacha ar-líne cheana féin sna chéad laethanta den dianghlasáil, rinne muid iarracht teacht ar dhóigheanna éagsúla le go mbeadh fáil ag daoine ar ár gclár ealaíne. D'aithin muid nach féidir eispéireas ná atmaisféar ceoil bheo in An Droichead a ath-chruthú agus, mar sin, chinn muid ar gan an clár ceolchoirmeacha a chur i láthair ar-líne.

Tá domhan na n-ealaíon ar fad scriosta ag Covid agus go fóill tá sé ar na hearnálacha is mó a d'fhulaing agus iad gan bheith ábalta oscailt arís mar is ceart ó bhí Márta 2020 ann. D'fhág an cosc ar cheol beo cuid mhaith ceoltóirí traidisiúnta gan foinse ioncaim agus gan bheith ábalta cur isteach ar chuidiú ón rialtas. Trí chuid dár chlár a choinneáil ar-líne, chuidigh muid le dream atá ina gcrann taca d'earnáil na n-ealaíon traidisiúnta.







Ceann de na tionscnaimh seo ná na craolacháin bheo den Trad Trail a chuir muid ar-líne le cuidiú ón dá Bhord Turasóireachta. D'éist níos mó ná 200,000 duine ó gach cearn den domhan leis seo ar 12 ardán, chomh maith le scaifte maith den lucht éisteachta áitiúil s'againn. Ag obair le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann thar an samhradh bhí muid in ann roinnt turais phríobháideacha a eagrú do na meáin rud a lig dúinn an Trad Trail agus ceol traidisiúnta é féin a chur chun cinn i measc lucht éisteachta idirnáisiúnta, ag am nuair nach dtiocfadh linn fáilte a chur roimh an phobal.

Tháinig muid aníos le cuid modhanna éagsúla le gníomhaíochtaí ealaíne a sholáthar gan daoine a thabhairt le chéile go fisiciúil. I gcomhpháirt le Cartlann an Cheoil Traidisiúnta, chinn muid ar shraith agallaimh a thaifeadadh – Tionscadal na Feadóige Feirstí – le cuid saineolaithe ar oidhreacht na feadóige móire i mBéal Feirste. Tá siad seo taifeadta anois agus ar fáil ag ár leathanach facebook, mar atá sraith de phodcrhaolta a thaifead muid darb ainm Ar Chúl an Cheoil. Sna podchraolta seo cluintear Robert McMillen ag cur roinnt réalta an traidisiúin faoi agallamh. Tá muid iontach bródúil as an seoid seo atá ar fáil go forleathan ar-líne.

D’eagraigh muid cuid imeachtaí eile faoin aer agus tá níos mó le teacht sna míonna beaga romhainn. Ceann galánta acu seo ná an t-imeacht a reáchtáil muid don áras seanóirí béal dorais, nuair a chuaigh ceoltóirí s’againne i mbun ceoil (agus damhsa) sa chlós os cionn dorais tosaigh s’acu. Bhí craic iontach againn ar fad agus tháinig ár gcuid páistí amach ón naíonra fiú leis an cheol a cluinstin.

Is ea chomh maith a d’eagraigh muid seisiúin cheoil i bPáirc Ormeau nuair a bhí cumann siúlóide áitiúil amuigh ag siúl fríd an pháirc. Bhí iontas orthu na tiúin phléisiúrtha a chluinstin agus iad ag dul a mbealach.

Ceol na Nollag i gCúl Trá. Agus muid ag tógáil ar an ghaol láidir atá againn le hIarsmalanna Náisiúnta TÉ, d’aimsigh muid deiseanna le ceoltóirí s’againn a chur ag gabháil ceoil arís roimh an Nollaig, nuair a d’eagraigh muid sraith sheisiúin i dtimpeallacht mhaisithe Mhúsaem Daonchultúir agus Iompair Uladh.

Cleamaireacht Cois Lagáin. Mar chuid de scéim na gcomharsanachtaí féiltiúla le Comhairle na Cathrach Béal Feirste d’eagraigh muid na taispeántais fhéastacha seo le Cleamairí Bhéal Feirste. Chuir na Cleamairí siamsaíocht ar fáil dóibh siúd a bhí ag baint úsáide as na haiseanna ag cosán tarraingthe an Lagáin, le scéalaíocht agus ceol féiltiúil i stíl fhéiltiúil s’acu féin. Dúirt cuid den lucht éisteachta go raibh sonas agus iontas orthu teacht ar cheol in áit mar sin. I gcás go leor acu ba é sin an chéad uair a chuala siad ceol beo ó roimh an chéad dianghlasáil.


I mbliana, don chéad uair d’eisigh An Droichead gairm oscailte do cheoltóirí a bhíonn ag obair le ceol traidisiúnta saothair úra a chruthú. Ba tionscnamh fíor-thábhachtach é seo dar linn. Thug sé deis do na hiarrthóirí ar éirigh leo saothar a chruthú iad féin nó ag comhoibriú le healaíontóirí eile, ag am nuair a bhí deiseanna dá leithéid gann ar an talamh. Seinnfear den chéad uair na saothair seo níos moille i 2021.













# Ag cruthú spás sábháilte don todhchaí

Cad é a bheas ar siúl i 2021 mar sin?

Tá cuid mhaith thionscadail ar na bacáin againn, iad uilig ag tógáil ar na ceachtanna a d’fhoghlaim muid i 2020. Cé gur cuireadh siar tionscadal na Gaeilge i mbliana is iomaí rud a d’fhoghlaim An Droichead ó thaobh deiseanna a aimsiú do chur chun cinn na teanga agus tabhairt le chéile ár bpobail.

D’éirigh linn roinnt deontais chuidithe a fháil le muid a tharraingt as an pholl inár fhág Covid muid ó thaobh ioncaim de, agus chuir muid an t-airgead sin chun tairbhe le go dtiocfadh linn cur lenár gcumais teicneolaíochta agus eile. Cé gur chaill muid amach ar chuid mhór i 2020, tá An Droichead níos láidre mar eagraíocht agus tá muid réidh le tús a chur leis an chéad ré eile i scéal na Gaeilge sa cheantar seo.

Seo thíos cuid de na rudaí a thig bheith ag dúil leo sa chéad 12 mí eile:

## Suíomh idirlín uasdátaithe

Beidh muid ag cur lenár suíomh idirlín ionas gur féidir níos mó gnó a dhéanamh gan teacht isteach sa lárionad. Roimh i bhfad, beidh ár lucht foghlamtha ábalta clárú do ranganna agus íoc astu iad féin gan an guthán a thógáil fiú. Beidh tuismitheoirí ábalta páistí a chlárú do na seirbhísí cúram leanaí chomh maith agus súil a choinneáil ar bhillí s'acu fríd an suíomh idirlín.

## An Lárionad fíorúil: An Droichead i RF

Tá tionscadal úr deartha tosaithe againn le comhlacht ealaíne digiteach a thógfadh spás fíorúil ar-líne lena mbeidh gach úsáideoir – bíodh sin ina thuismitheoir, foghlaimeoir nó ina bhall den lucht éisteachta s'againn – ábalta cuairt a thabhairt ar an lárionad agus blaiseadh a fháil ar a bhfuil ar fáil againn anseo. Leis seo chomh maith, beidh oifigigh s'againn in ann bualadh leis na húsáideoirí céanna sa spás fíorúil agus thig linn ranganna a ostáil ann chomh maith.

## Ag cuidiú le hath-thógáil earnáil na n-ealaíon traidisiúnta

Tá sé de rún againn níos mó deiseanna a sholáthar le go dtig le healaíontóirí a slí a bhaint amach lena bhfoirm ealaíne, le tacú lena gcuid cruthaitheachta agus cuidiú leo páirt a ghlacadh in athmhúnlú an tionscail. Ba mhaith linn fosta modhanna úra, sábháilte a aimsiú leis na healaíona a chur i láthair le go dtig le daoine bheith páirteach iontu, agus béim ar leith againn ar cheol beo agus eispéiris insan ionad.

## Cartlann An Droichead

Ba mhaith linn cartlann ealaíne a thógáil ag An Droichead. Cuirfidh seo le bailiú, mar ábhar cartlainne, gnéithe den traidisiún nach bhfuil taifeadta go fóill. Tógfaidh an obair seo ar na gaolta atá againn le grúpaí cosúil le Cartlann an Cheoil Traidisiúnta, agus tabharfaidh sé coimisiún do thionscadail úra a bhfuil sé d'aidhm acu oidhreacht cheoil agus teangan s'againn a chaomhnú.

## Naisc leis na hollscoileanna agus tacaíocht do mhic léinn áitiúla


Tá muid ag obair ar roinnt tionscadail a thabharfaidh tacaíocht do mhic léinn tríú leibhéil agus a spreagfaidh iad le leanstan ar aghaidh lena gcuid staidéir sa Ghaeilge. San áireamh beidh níos mó tacaíocht airgeadais do mhic léinn ann, cosúil leis an sparánacht a chuireann muid ar fáil do mhic léinn ag ollscoil Uladh.


## Siopa An Droichead!

Tá muid ag cur crích le pleananna chun siopa Gaelach a oscailt ar an Bhóthar Ormeau. Insa siopa beidh muid ag díol táirgí Gaelacha le béim ar áiseanna foghlama agus éadaí le Gaeilge orthu do pháistí. Tá an tionscnamh seo dírithe ar scoilphobal s'againn agus ár gcuid foghlaimeoirí fásta don chuid is mó.

## Dearbháin

Tá dearbháin nua deartha againn le go dtig le daoine íoc as níos mó ar-líne agus an dearbhán a chur chugainn trí rphost gan teacht isteach nó plé le hairgead tirim.








## Ranganna úra

Tá muid ag obair ar dhóigheanna nuálaíocha le foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn ar-líne agus taobh amuigh de lárionad s’againn. Chomh maith le ranganna a ofráil do ghnólachtaí agus d’eagraíochtaí sa phobal, thosaigh muid ar cheachtanna ar bhonn duine le duine a sholáthar ar-líne agus tá sé de rún againn deiseanna a thabhairt d’iar-dhaltaí Gaelscolaíochta le cáilíochtaí a shaothrú.

## Ballraíocht An Droichead

Beidh muid ag cur le scéim bhallraíochta An Droichead le go dtig le níos mó daoine tairbhe a bhaint as a bhfuil ar fáil fríd an scéim. Fá láthair thig le daoine lacáiste 50% a fháil ar gach rang agus imeacht agus ba mhaith linn tógáil ar an scéim i mbliana.

## Pleananna forbartha

Tá fochoiste curtha le chéile againn leis na pleananna forbartha a bhí againn tamall de bhlianta ó shin a athbheochan agus a chur chun cinn. Beidh muid ag obair leis an Roinn Pobail chun aisling na bpleananna a fhíorú taobh istigh den chéad chúpla bliain eile. Idir an dá linn, beidh muid ag déanamh píosaí oibre anseo agus ansiúd chun feabhas a chur ar thimpeallacht An Droichead taobh istigh agus thart ar an lárionad.

# Ba mhór linn do chuid tuairimí a chluinstin

Ag An Droichead bíonn muid i dtólamh ag iarraidh feabhsú ionas go dtig linn freastal níos fearr ar riachtanais ár mic léinn agus custaiméirí dílse. Má tá smaointe ar bith agat do ghníomhaíochtaí a ba chóir do An Droichead a reáchtáil amach anseo, nó dóigh ar bith gur féidir linn na himeachtaí atá ar siúl againn fá láthair a leasú, bain úsáid as an spás seo le do chuid barúlacha féin a thabhairt dúinn, le do thoil. Nó thig leat rphost a chur chugainn, ag eolas@androichead.com

# Ár mbuíochas lenár maoinitheoirí...


Department for Communities
An Roinn Pobal
Depairtment fur Commonities
www.communities-ni.gov.uk

arts council of Northern Ireland

Belfast City Council

Foras na Gaeilge

An Ciste Infheistíochta Gaeilge
Ag treisiú le tógáil na Gaeilge

Conradh na Gaeilge


# Bí páirteach

Más rud é gur ghlac tú páirt i rang ar bith thar an dianghlasáil déan muid a chlibeáil den ghníomhaíocht ab fhearr leat agus bain úsáid as na haischlibeanna thíos. Cuirfidh muid na cinn is fearr linn in airde ar ár n-ardáin mheáin sóisialta agus ar an suíomh idirlín úr!

**#AnDroichead #ADdianghlasail**

**Bí linn ar na meáin sóisialta**

***Seoladh/Address***
20 Cooke Street, Ormeau Road
Belfast, BT7 2EP

***Tuilleadh Eolais/For More Info***
028 9028 8818
www.androichead.com
eolas@androichead.com

gaelphobalandroichead
@an_droichead



androichead.com